Cairde na scoile
Nuachtlitir

02-03-2015

A thuismitheoirí, a chairde,

Míle buíochas as bhur gcuid tacaíochta don bhailiúchán 'Bag2School' le déanaí. Bhailigh muid €454 don scoil. Beidh bailiúchán eile Mí Bealtaine agus beidh tú in ann ullmhú don samhradh!

Ná déanaigí dearmad faoi Oíche Mhór na bliana seo le ceol na nOchtóidí, ar an Aoine, an 24-04-15, in Óstán an Carnegie Court. An cuimhin leat Guns 'n Roses, Pet Shop Boys, Erasure & Madness? Na bíodh leisce ort bheith linn mar sin agus fáilte romhat gléasadh in eádaí na nochtóidí ar an oíche chomh maith.Oíche rince agus craic agus airgead a ghnothú don scoil!

Beidh ceol beo, DJ, síneadh ar an mbear agus rogha de bhia te. Beidh crannchur agus ceannt ar an oíche le duaiseanna den scoth. Beidh na ticéid ar díol ón oifig ón gCéadaoin, an 18-03-15. Is féidir ticéid a cheannach tríd an fhoirm a líonadh agus an t-airgead cuí a sheoladh isteach sa chlúdach litreach a chuirfear ar fáil. Díolfar na ticéid de réir mar a thagann an t-éileamh isteach. Ná caill do sheans!

Rachaidh an t-airgead go léir chun leasa na bpáistí. Táimid ag iarraidh an spás uile-aimsire timpeall ar an raon reatha a leathnú, cuir le córas gan sreangán sa scoil chun tacú leis na Ipads atá ceannaithe le déanaí agus córas leictreonach leabharlainne a chur i bhfeidhm sa scoil.

Táimid ag glacadh leis an aischothú ón súirbhé deireannach agus tá súil againn go mbeidh tacaíocht leathan againn ó phobal na scoile!

Beidh an 'Rith' bhliantúil ag leanúint ar aghaidh níos deireannaí sa bhliain. Tosóidh an traenáil i ndiaidh laethanta saoire na Cásca.

Go Raibh Míle Maith Agaibh.
Cairde na Scoile